

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2026
(OR. en)

13479/1/26
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0172(COD)

SIMPL 200
ANTICI 208
INDEF 165
MAP 174
CSC 570
ENV 1115
COMPET 1110
ENT 240
MI 921
CHIMIE 125
CODEC 1720

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le dlús a chur le deonú ceadanna le haghaidh tionscadail ullmhachta cosanta (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 17 Meitheamh 2025, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Meán Fómhair 2025².
3. An 16 Meán Fómhair 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún³. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

¹ 10518/25 + REV 1.

² IO C, C/2026/30, 16.1.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/30/oj>.

³ 13123/26.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 44/26 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ostair ag staonadh.
5. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.
6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
